C/2026/5292

13.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5292)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Farina di castagne della Lunigiana'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-0525-AM01 — 15.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Farina di castagne della Lunigiana'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta — Cur Chun Cinn na Cáilíochta Agraibhia (PQA) 1

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil athrú ar an ainm i gceist leo, nach bhfuil an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Airteagal 2 den tsonraíocht táirge

Tuairisc

Scriosadh na ceanglais in Airteagal 2 den tsonraíocht táirge maidir le méid na ngráinníní.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge — leasú ar dhlús plandaithe

Tuairisc

Méadaíodh dlús na gcrann sa táirgeadh ó 160 go 200 crann castán in aghaidh an heicteáir.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge — leasú ar dháta tosaigh na buana

Tuairisc

Tugadh an dáta buana ar aghaidh go dtí an 1 Meán Fómhair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge — leasú ar an tréimhse thriomaithe

Tuairisc

Méadaíodh an tréimhse thriomaithe íosta le haghaidh na gcastán go 20 lá.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge — leasú ar an gcaoi a nglantar na castáin

Tuairisc

Cuireadh an fhéidearthacht maidir le hinnealra iomchuí a úsáid leis na sonraíochtaí maidir leis na castáin thriomaithe a ghlanadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Airteagal 6 den tsonraíocht táirge — leasú ar dháta tosaigh na buana

Tuairisc

I gcomhréir leis an leasú ar Airteagal 5, athraíodh an dáta buana go dtí an 1 Meán Fómhair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Airteagal 6 den tsonraíocht táirge — leasú ar an tréimhse thriomaithe

Tuairisc

I gcomhréir leis an leasú ar Airteagal 5, scriosadh an tagairt don tréimhse thriomaithe íosta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Airteagal 6 den tsonraíocht táirge — leasú ar an gcaoi a nglantar na castáin

Tuairisc

I gcomhréir leis an leasú ar Airteagal 5, scriosadh an tagairt do ghlanadh de láimh amháin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Airteagal 7 den tsonraíocht táirge

Tuairisc

An tagairt don chomhlacht rialúcháin a scriosadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Airteagal 8 den tsonraíocht táirge — leasú ar an dáta scaoilte lena thomhailt

Tuairisc

Athraíodh an dáta scaoilte lena thomhailt go dtí an 1 Samhain den bhliain táirgthe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

Airteagal 8 den tsonraíocht táirge — leasú ar an ábhar pacáistíochta

Tuairisc

Baineadh an oibleagáid coimeádáin phlaisteacha a úsáid, agus cuireadh pacáistíocht atá go hiomlán trédhearcach nó atá trédhearcach i bpáirt ina hionad.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Teideal

An t-airteagal ar an lógó a chumasc.

Tuairisc

Scriosadh iar-Airteagal 9 maidir leis an tuairisc ar an lógó toisc gur cumascadh é le hAirteagal 8.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Farina di castagne della Lunigiana'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-0525-AM01 — 15.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Farina di castagne della Lunigiana'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

11 - TÁIRGÍ AN TIONSCAIL MHUILLEOIREACHTA; BRAICH; STÁIRSÍ; IONÚILIN; GLÚTAN CRUITHNEACHTA

1106 — Plúr, min agus púdar na nglasraí léagúmacha triomaithe, scilligthe atá faoi cheannteideal 07.13, ó shág nó ó fhréamhacha nó ó thiúbair atá faoi cheannteideal 07.14 nó ó na táirgí atá faoi Chaibidil 8

1106 20 90 — Eile

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is é ATFC 'Farina di Castagne della Lunigiana' an t-ainm a thugtar ar an bplúr milis a dhéantar as castáin a tháirgtear leis na cineálacha crann castán den speiceas *Castanea sativa* (Mill.) a aithnítear mar chrainn atá á saothrú go stairiúil sa limistéar atá i gceist: is é sin na cineálacha Bresciana, Carpanese, Fosetta, Marzolina, Moretta, Primaticcia, Rigola, Rossella agus Rossola, nach mór do na cineálacha Bresciana, Carpanese agus Rossola a bheith cothrom le 70 % ar a laghad díobh.

Nuair a scaoiltear 'Farina di Castagne della Lunigiana' lena thomhailt, ní mór dó na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

— Uasmhéad 8 % de thaise

— Bog faoi do lámh agus mín sa bhéal.

— Féadfaidh dath idir bán agus dath an eabhair a bheith air;

— Bíonn blas milis air sa bhéal. Siúcraí iomlána, nach lú ná 20 % san iomlán.

— Bolaithe castán, easpa siollaí múscáin nó stálaithe.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh 'Farina di Castagne della Lunigiana' lena n-áirítear pacáistiú an táirge a dhéanamh go heisiach laistigh den limistéar geografach.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil, etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Scaoiltear ATFC 'Farina di Castagne della Lunigiana' lena thomhailt ón 1 Samhain den bhliain táirgeachta.

Déantar ATFC 'Farina di Castagne della Lunigiana' a phacáistiú i bpacáistíocht atá trédhearcach go hiomlán nó go páirteach, ina bhfuil meáchain 500 g, 1 kg nó 5 kg. Féadfar na málaí a chur i gcoimeádáin pháipéir nó éadaigh.

Ní mór an phacáistíocht a dhúnadh le séala do-aistrithe greamaithe ar bhealach nach féidir an t-ábhar a bhaint gan an séala a bhriseadh.

Ní mór na focail 'Farina di Castagne della Lunigiana D.O.P.' (ATFC Farina di Castagne della Lunigiana) agus bliain an táirgthe a stampáil ar an séala aon úsáide a úsáidtear chun gach paicéad a dhúnadh. Athraíonn dath na séalaí ag brath ar an meáchan: bán i gcás paicéid 500 g; donn i gcás paicéid 1 kg agus dearg i gcás paicéid 5 kg.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar gach mála a lipéadú leis an bhfaisnéis seo a leanas sa bhreis ar an bhfaisnéis a cheanglaítear leis an dlí:

(a) lógó ATFC 'Farina di Castagne della Lunigiana' mar a thuairiscítear thíos;

(b) an dáta pacáistithe agus an dáta éagtha, agus gan an dáta éagtha a bheith níos déanaí ná aon bhliain amháin.

Lógó

Is éard atá i lógó an táirge, mar a léirítear thíos:

— na focail 'Farina di Castagne della Lunigiana' nach mór a bheith os cionn na siombaile grafaice i litreoireacht shoiléir dhoscriosta atá éagsúil go soiléir ó gach foclaíocht eile ar an lipéad agus atá dhá oiread ar a laghad mhéid na foclaíochta sin. Tagann na hinisealacha 'D.O.P.' [ATFC] díreach i ndiaidh na bhfocal, i gcló dubh Tahoma;

— siombail ghrafaice a thaispeánann, ar chlé, íomhá de dhá chastán, ceann amháin forshuite go páirteach ar an gceann eile, agus an castán sa tulra claonta ar chlé agus ceann taobh thiar de i suíomh ingearach. Tá dath donn ar an dá chastán (Pantone Uimh. 1807 C) agus frithchaitheamh donn éadrom ar an gcuid chruinn (Pantone Uimh. 50 % 1807 C) agus dath collchnó ar bhun na gcastán (Pantone Uimh. 5035 C). Léirítear an cúlra le trí stríoc de chion comhionann, nach bhféadfaidh níos mó ná 40 % d'achar dromchla iomlán an lógó a chumhdach in aon chás, i ndathanna bhratach na hIodáile: glas (Pantone Uimh. 348 C), bán agus dearg (Pantone Uimh. 206 C). Tá na focail 'Denominazione di origine protetta' ['Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint'] le feiceáil ar thaobh na láimhe deise den stríoc ghlas; tá an téacs scríofa i gcló dubh Tahoma.

Is iad seo a leanas íostoisí an lógó: leithead 9 cm agus airde 8 cm; féadfar na tomhais sin a mhéadú chun iad a oiriúnú don phacáistíocht.

Ní mór na focail 'Farina di Castagne della Lunigiana' a bheith in Iodáilis.



5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá limistéar táirgeachta ATFC 'Farina di Castagne della Lunigiana' suite i gcúige Massa Carrara agus cuimsíonn sé críoch riaracháin iomlán na mbardas seo a leanas: Aulla, Bagnone, Casola in Lunigiana, Comano, Filattiera, Fivizzano, Fosdinovo, Licciana Nardi, Mulazzo, Podenzana, Pontremoli, Tresana, Villafranca in Lunigiana agus Zeri.

Tá fairsinge aonair sa limistéar táirgeachta agus tá sé suite go hiomlán laistigh de chríoch Comunità Montana della Lunigiana (Comhphobal Sléibhe Lunigiana).

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Saintréith den ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Farina di Castagne della Lunigiana' is ea a bhlas milis ar leith, a eascraíonn go príomha as an gcineál castáin a shaothraítear in éineacht le saintréithe ithreach agus aeráide an limistéir táirgeachta, agus as gníomhaíocht na ndaoine a choinnigh an traidisiún maidir le plúr castáin a tháirgeadh i gcaitheamh na gcéadta blianta ar bun. Tá milseacht na gcastán inchurtha i leith luí na talún, agus go háirithe i leith na hairde agus na ndálaí aeráide. Mar gheall ar shaintréithe sléibhtiúla, moirfeolaíocha, hidreagrafacha agus aeráide áirithe Lunigiana, is timpeallacht an-fhabhrach í chun milseacht a bhaint amach i dtorthaí an chrainn castán, a bhíonn faoi bhláth i ngach áit, ó urlár an ghleanna suas le míle méadar os cionn leibhéal na farraige. Le cumraíocht sléibhe ar leith an limistéir táirgeachta atá cosúil le himchuach, mar aon le nochtadh soir-siar na bhfánaí ar a

gcuirtear na garráin castán, na teochtaí nach mbíonn iomarcach riamh i rith na bliana agus go háirithe le linn mhíonna ghníomhaíocht bhitheolaíoch an chrainn (Mí an Mheithimh — Mí Mheán Fómhair), mar aon le leoithní fionnuara an tsamhraidh ón bhfarraige in aice láimhe, maolaítear na buaiceanna arda i dteochtaí an tsamhraidh, seachnaítear strus ar na crainn agus ligtear dóibh siúcraí leanúnacha agus móra a charnadh sna castáin a úsáidtear chun an plúr a dhéanamh. I dtéarmaí tír-raoin, is saintréith de Lunigiana iad gleannta cúnga doimhne ina bhfuil sruthchúrsa trom, cnoic, sléibhte agus imchuacha teicteonacha. Is é an toradh a bhíonn ar an tír-raon áirithe sin líonra hidreagrafach flúirseach ina bhfuil aibhneacha troma ar bhain na háitritheoirí áitiúla úsáid mhaith as mar fhoinse fuinnimh do na muilte uisce iomadúla. Go dtí an lá atá inniu ann, is gné thábhachtach de thírdhreach na tuaithe fós iad muilte agus úsáidtear fós iad chun na castáin thriomaithe a mheilt. Ina theannta sin, leis na clocha muilinn a úsáidtear sna muilte, a bhíodh faoi thionchar uisce agus a chumhachtaítear le leictreachas anois freisin, is féidir na castáin a mhuilleáil go mall agus go leanúnach, rud a sheachnaíonn róthéamh agus a tháirgeann plúr atá bog faoi do lámh agus mín sa bhéal. Ina theannta sin, ní hamháin gur gné shainiúil de thírdhreach Lunigiana iad na háitheanna triomaithe castán, ar a dtugtar *gradili*, ar féidir a fháil scaipthe ar fud na ngarrán castán, ach is fianaise iad freisin ar stair fhada na próiseála castán sa limistéar.

Ní gá ach tagairt a dhéanamh don chúigiú haois déag de chuntas Giovanni Antonio da Faie, lena gcuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá castáin don gheilleagar áitiúil agus an gá atá le táirgeadh castán a choinneáil ar bun toisc 'gur sholáthair siad arán Lunigiana do dhá thrian den daonra'. Luann an t-údar céanna freisin gur beag difríocht a bhí idir praghas plúir cruithneachta agus praghas plúir castán.

Ní mór ionchur daonna na bhfeirmeoirí áitiúla a mheas freisin in éineacht le gnéithe sonracha an limistéir gheografaigh agus na modhanna muilleála traidisiúnta. Tá na feirmeoirí áitiúla freagrach as gach céim de phróiseáil an phlúir agus rialaíonn siad gach céim, idir na castáin a bhuain, iad a thriomú agus iad a mheilt, i gcomhréir iomlán le traidisiúin áitiúla. Bíonn dáta tosaithe na buana, atá i gcomhthráth leis an tréimhse ina dtosóidh na castáin ag titim ó na crainn go nádúrtha, fós ann le linn mhí Mheán Fómhair, an séasúr traidisiúnta ina mbíonn leadáin na gcineálacha is luaithe ag oscailt mar gheall ar dhálaí aeráide. Tá 'Castáin sa chiseán le haghaidh Fhéile Naomh Mícheál' [29 Meán Fómhair] ar cheann de sheanfhocail thraidisiúnta an limistéir. Tráth na buana, roghnaítear castáin shláintiúla ar dtús sna garráin, agus ina dhiaidh sin ullmhaítear agus tugtar aire do na *gradili* (na háitheanna triomaithe castán) ina gcuirtear na castáin agus ina gcoinnítear an dóiteán ag dó, dóiteán atá comhdhéanta go traidisiúnta d'adhmad castán amháin, agus ní mór do lámh an duine aire a thabhairt dó i gcónaí chun a áirithiú nach múchtar é ná nach ndóitear ar bhealach róthrom é. Tar éis an triomaithe, bíonn gá arís le hidirghabháil an duine chun sórtáil a dhéanamh trí na castáin thriomaithe chun fáil réidh le haon eisíontas sula ndéantar na castáin a mheilt ina bplúr.

Níl aon amhras ach gur bhain tábhacht mhór eacnamaíoch le táirgeadh agus próiseáil castán i réigiún Lunigiana le himeacht ama. Ón 15ú go dtí an 18ú haois, leagadh síos rialacha beachta agus pionóis bheachta i reachtanna uile phobail éagsúla Lunigiana, ó Rocca Sigillina go Tresana, Equi agus Moncigoli agus ó Gragnola go Pontremoli, chun na garráin castáin atá sa limistéar leis na céadta blianta a chaomhnú.

Léiríodh i dtaighde seandálaíochta go bhfuil crainn castán ag fás in Lunigiana ón gcéad chéad AD, agus gur bunaíodh iad idir an cúigiú agus an séú céad. Tá fionnachtana seandálaíochta a nochtadh gar d'eaglais pharóiste Santo Stefano di Sorano in Filattiera, ar shuíomh a bhíodh ina lonnaíocht Bhiosántach tráth, a tógadh é féin os cionn iar-fheirm Rómhánach, i measc na gceann is sine a aimsíodh san Iodáil agus is fianaise iad ar 'réabhlóid' thapa talmhaíochta, inar cuireadh crainn castán in ionad crainn darach. D'éirigh go maith leis na crainn castán timpeallacht idéalach a aimsiú, thar na céadta bliain, rud a chuidigh le príomhfhoinse iontaofa bia a chur ar fáil don phobal áitiúil. Is talamh seantraidisiún é Lunigiana, agus coinníodh ar bun na nósanna agus na gnásanna, rud a thugann aird ar leith air i mbéaloideas na hIodáile. Ag an 'Festa della Ricca' ['féile na mban saibhir'], sholáthraíodh bean chéile an fheirmeora is saibhre sa sráidbhaile na sólaistí iarnóin le haghaidh an phobail áitiúil agus in Filetto, bhíothas ag súil go n-ullmhódh sí miasa a dhéantar as plúr castáin. Fiú *la baladura* nó *ballatura*, ba fhíorfhéile ann féin é an próiseas ina satlaítí na castáin a bhí scilte go páirteach ar an urlár buailte chun a scilligeadh a chur i gcrích le linn amhráin thraidisiúnta tíre a chanadh, an fhéile is áille agus is beoga i dtimthriall próiseála na gcastán ar fad. I réigiún Lunigiana tá neart nathanna cainte freisin sa chanúint áitiúil agus i gcleachtais shóisialta a bhaineann le saothrú castán.

Tá raon iomlán mias a dhéantar as plúr castáin i gcócaireacht áitiúil Lunigiana freisin, lena n-áirítear miasa *la pattona* (*pattòna*) [arán plúir castáin a bhácáiltear go traidisiúnta ar dhuilleoga castáin], *focaccine* (*cian*) [rollaí aráin Iodálacha cothrom-bhácáilte a dhéantar as plúr castáin], taoschnónna friochta '*fritei*' nó '*padléti*' a dhéantar as plúr castáin, *lasagna bastarda* [athraitheach simplithe ar lasáinne a dhéantar as plúr castáin] agus *pane marocca*, [arán a dhéantar as meascán de phlúr castáin, plúr cruithneachta agus prátaí brúite]. Is minic a bhíodh táirgí déiríochta nó ispíní ag gabháil leis na táirgí sin.

Ar deireadh, chun tuiscint a fháil ar a mhéid a chuaigh an crann castán i bhfeidhm ar chultúr Lunigiana, ní gá ach smaoineamh ar an bhfíoras, de réir an traidisiúin choitianta, nach sa phaiste cabáiste a shaolaítí leanaí nó nach storc a thugadh ar an saol iad, ach gur i stoc cuasach seanchrann castáin a d'fhaightí iad!

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252Fe%252F6%252FD.4ffd213e52f076a2f928/P/BLOB%3AID%3D3343/E/pdf?mode=download